



Criminal Law
Codification
Advisory Committee

An Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil

Tuarascáil Bhliantúil 2008

(Prn. A9/0641)



An tUas. Dermot Ahern T.D.
An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
94 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

19 Márta 2009

A Aire, a chara,

De réir alt 175 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, tá sé d'onóir agam tuarascáil bhliantúil an Choiste Chomhairligh um Chódú an Dlí Choiriúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 a chur faoi do bhráid.

Seo é dara Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Chomhairligh. In 2008, is é an príomhábhar a bhí idir lámha againn ná ár gcéad chlár oibre a chur i bhfeidhm agus, go háirithe, treoirthionscadal chun an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a chódú. Tá áthas orm a rá go ndearnadh an Coiste Comhairleach an chéad dréacht den chuid den chód a bhaineann le cionta neamhmarfacha in aghaidh an duine a mheas i mí na Nollag 2008.

I rith 2008, d'éascaigh an Coiste Comhairleach 22^ú Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchóiriú Dlí Coiriúil, leis an téama "An Dlí Coiriúil a Chódú: Tionscnaimh Nua-aimseartha" a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí an chomhdháil ar siúl le linn don tionscadal um an dlí coiriúil a chódú a bheith ar siúl, agus tharraing an chomhdháil mórán suime agus tacaíochta ó phobal dlí na hÉireann agus ó na hoifigí éagsúla Stáit a bhfuil baint acu le dlí coiriúil na hÉireann.

Ba mhaith liom rannpháirteachas bhaill an Choiste Chomhairligh i rith na bliana a mholadh chomh maith lena dtiomantas leanúnach don tionscadal.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas féin agus buíochas an Choiste Chomhairligh a ghabháil leis an Uas. Valerie Fallon, Stiúrthóir na Rúnaíochta um Chódú an Dlí Choiriúil, leis na baill eile den Rúnaíocht agus le baill foirne do Roinne as ucht a saineolais agus a dtiomantais.

Táimid buíoch freisin de Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath as ucht a thacaíochta leantaí agus go háirithe as tiomantas agus díograis bhaill foirne an Aonaid Tacaíochta Taighde a chuir an tacaíocht taighde ar fáil dúinn a chuir ar ár gcumas ár gcuid oibleagáidí faoin Acht um Cheartas Coiriúil 2006 a chomhlíonadh.

Táimid ag tnúth le forbairt bhreise a dhéanamh ar ár gcuid oibre ar an gcód i rith 2009 agus tuairisc a thabhairt duit an bhliain seo chugainn ar an dul chun cinn a rinneadh.

Is mise le meas,

(An tOllamh) Finbarr McAuley
Cathaoirleach

Clár Ábhar

Réamhrá	4
Cúlra don tionscadal códaithe	5
Cuspóir an tionscadail	5
Fréamhacha an tionscadail chódaithe agus bunú an tSainghrúpa maidir le Códú an Dlí Choiriúil	5
Dearadh an Chóid Choiriúil	6
Ról Reachtúil an Choiste Chomhairligh agus Struchtúir	7
Ról Reachtúil an Choiste Chomhairligh	7
Struchtúir agus Pearsanra	8
Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí in 2008	10
Achoimre ar ghníomhaíochtaí in 2008	10
Cruinnithe an Choiste Chomhairligh	11
Faomhadh Chéad Chlár Oibre 2008 - 2009 de chuid an Choiste Chomhairligh	11
Treoirhionscadal chun an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a chódú	12
Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchóiriú Dlí Coiriúil	13
Ionadaí ó Chomhairle an Bharra ceaptha chuig an gCoiste Comhairleach	15
Cuairt ar Choimisiún Dlí na hAlban	16
Cur i láthair an Uas. Joanne Klineberg, An Roinn Dlí agus Cirt, Ceanada	16
Cuairt an Ollaimh Paul Robinson	16
Idirghníomhú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí	16
Aguisín 1: Céad Chlár Oibre 2008 – 2009	18
Aguisín 2: Cuid 14 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006	25

Réamhrá

Is é an Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil, a bunaíodh an 1 Feabhra 2007 faoi Chuid 14 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, an comhlacht reachtúil atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar chlár a fhorbairt um chódú an dlí choiriúil.

Tá an Coiste Comhairleach, a bhfuil an tOllamh Finbar McAuley ina chathaoirleach air, comhdhéanta d'ionadaithe ó na breithiúna, ón lucht dlí, ón lucht acadúil sa dlí, ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ó Oifig an Ard-Aighne agus ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuidíonn an Rúnaíocht um Chódú an Dlí Choiriúil agus an tAonad Tacaíochta Taighde um Chódú an Dlí Choiriúil leis an gCoiste Comhairleach agus é ag comhlíonadh a dhualgas faoi Acht 2006. Soláthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí foireann don Rúnaíocht, agus soláthraíonn Scoil Dlí an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) foireann don Aonad Tacaíochta Taighde. Is í an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a mhaoiníonn an tionscadal códaithe.

D'fhaomh an tUas. Brian Lenihan T.D., a bhí ina Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an am, céad chlár oibre an Choiste Chomhairligh a chlúdaíonn an tréimhse 2008 go 2009 in Eanáir 2008. Tá an Coiste Comhairleach i mbun an clár oibre sin a chur i bhfeidhm faoi láthair.

Ceanglaíonn Alt 175 d'Acht 2006 ar an gCoiste Comhairleach tuarascáil ar fheidhmiú a gcuid feidhmeanna agus gníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, trí mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire ar a dhéanaí.

Tá an tuarascáil leagtha amach chun eolas a chur ar fáil mar seo a leanas:

- (i) Cúlra don tionscadal códaithe
- (ii) Ról reachtúil an Choiste Chomhairligh agus struchtúir chódaithe
- (iii) Tuairisc ar ghníomhaíochtaí in 2008
- (iv) Aguisíní.

Cúlra don tionscadal códaithe

Cuspóir an tionscadail

An 1 Feabhra 2007, chuir an tUas. Michael McDowell, a bhí ina Thánaiste agus ina Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an am, tús leis an tionscadal um chódú an dlí choiriúil nuair a bhunaigh sé an Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil. Is é ról an Choiste Chomhairligh ná maoirsiú a dhéanamh ar chlár a fhorbairt um chódú an dlí choiriúil.

Is i go leor reachtanna agus breithiúnais cúirteanna a fhaightear dlí choiriúil na hÉireann. Is é príomhchuspóir an tionscadail chódaithe ná ráiteas soiléir, inrochtana ar an dlí choiriúil a chur ar fáil in aon ionstraim amháin.

Áirítear leis na buntáistí a bheidh i gceist do dhlíodóirí agus do shaoránaigh:

- Rochtain níos fearr ar an dlí
- Níos mó soiléireacht i ráitis faoi rialacha agus phrionsabail an dlí choiriúil
- Tuiscint níos fearr ar an dlí
- Comhsheasmhacht níos fearr i gcur i bhfeidhm an dlí.

Fréamhacha an tionscadail chódaithe agus bunú an tSainghrúpa maidir le Códú an Dlí Choiriúil

Tá fréamhacha thionscadal códaithe na hÉireann sa Chlár Rialtais 2002 go 2007 a ndearnadh gealltanais ann chun an dlí choiriúil a chódú in aon Acht Coireanna amháin. Bhí an gealltanais sin ag réiteach le tionscnaimh eile an Rialtais chun an dlí a nuachóiriú agus chun rochtain agus tuiscint níos fearr air a fheabhsú (mar shampla an Tionscnamh um Rialáil Níos Fearr agus an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtuil).

Tuigeadh go maith go bhfuil idir rath agus teip le feiceáil i stair chódú an dlí choiriúil, go háirithe i ndlínsí dlí choitinn eile. Cé gur baineadh códú amach i go leor dlínsí eile mar shampla Ceanada, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus SAM, níor éirigh chomh maith leis i ndlínsí eile. Níor éirigh fós le dlínsí níos gaire dúinn, mar shampla Sasana agus Albain, cóid choiriúla a bhunú. Mar sin bhí sé soiléir go mbeadh sé riachtanach dianscrúdú a dhéanamh ar indéantacht réim gníomhaíochta den sórt sin sula rachfaí i mbun tionscadal códaithe.

Dá réir sin, bunaíodh Sainghrúpa in Eanáir 2003 chun breathnú ar bhealaí féideartha i dtreo códaithe agus chun breathnú ar raon agus méid na mbealaí sin, ag aithint go háirithe aon réimsí inar mheas an Grúpa go bhféadfadh deacrachtaí ó thaobh beartais de a eascairt de bharr códaithe. Bhí an tOllamh Finbarr McAuley ina chathaoirleach ar an Sainghrúpa agus bhí

ionadaithe dlí choiriúil ó ghaireas an Stáit, ón lucht dlí, agus ón lucht acadúil sa dlí mar chuid den ghrúpa.

Ina thuarascáil, *Codifying the Criminal Law*, a foilsíodh i Samhain 2004, leag an Sainghrúpa amach struchtúr agus stíl iomlán cóid choiriúil agus mhol sé go dtabharfaí faoi chódú ar bhonn céimnitheach agus úsáid á baint as na huirlisí éagsúla d'athráiteas, de chomhdhlúthú agus d'athchóiriú dlí chun an cód a fhorbairt agus a choimeád.

Leag an Sainghrúpa béim ar an ngá le gealltanais fadtéarmach chun an tionscadail chódaithe agus mhol sé go mbunófaí Coiste Comhairleach reachtúil um Chódú an Dlí Choiriúil chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cláir códaithe chéimnithigh.

Mhol an Sainghrúpa freisin nár cheart go gcuirfí deireadh le ról an Choiste Chomhairligh nuair a bheadh an cód cruthaithe ach gur cheart go mbeadh ról aige i gcinntiú go gcoimeádfaí an cód ar bhonn leanúnach.

Dearadh an Chóid Choiriúil

Mhol an Sainghrúpa gur cheart go mbeadh dhá chuid sa chód coiriúil. Ba cheart go mbeadh prionsabail ghinearálta an dliteanais choiriúil sa chéad chuid, an Chuid Ghinearálta. Ba cheart go mbeadh na cionta lárnaacha sa dlí choiriúil sa dara cuid, an Chuid Shonrach.

Mhol an Grúpa, agus cur chuige céimnitheach á mholadh aige, go mbeadh an chéad ionstraim cóid comhdhéanta de Chuid Ghinearálta agus de Chuid Shonrach a bheadh comhdhéanta de na ceithre chatagóir de chionta a rinneadh a nuachóiriú in achtacháin réasúnta deireanacha. Is iad sin an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001; an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997; an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 agus an tAcht um Dhamáiste Coiriúil 1991.

Ról Reachtúil an Choiste Chomhairligh agus Struchtúir

Ról Reachtúil an Choiste Chomhairligh

Forálann Alt 168 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 gurb í feidhm an Choiste Chomhairligh um Chódú an Dlí Choiriúil ná maoirsiú a dhéanamh ar chlár a fhorbairt um chódú an dlí choiriúil.

Áirítear le feidhmeanna níos sonraí an Choiste Chomhairligh:

- (a) pleanáil, faireachán agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm cláir chun cód coiriúil ("an cód") a fhorbairt,
- (b) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le réimsí den dlí coiriúil a chomhdhlúthú lena gcur san áireamh sa chód,
- (c) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire maidir le leasú an chóid agus lena choimeád sa todhchaí,
- (d) tionscadail taighde a bhaineann le códú an dlí choiriúil a ghabháil de lámh nó a choimisiúnú nó comhoibriú iontu nó cabhrú leo,
- (e) comhairle a ghlacadh le daoine atá cáilithe chun tuairimí a thabhairt air, maidir le haon ábhar áirithe is iomchuí de réir an Choiste,
- (f) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta i dtaca le códú an dlí choiriúil sa mhéid go bhfuil siad iomchuí maidir le forbairt an chóid agus comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire ina leith,
- (g) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire maidir le haon saincheisteanna gaolmhara eile a chuirfidh an tAire faoi bhráid an Choiste lena mbreithniú.

Struchtúir agus Pearsanra

An Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil

An tOllamh Finbarr McAuley, Cathaoirleach, Ollamh le Dlí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Coimisinéir um Athchóiriú an Dlí

An tUas. Conal Boyce, Aturnae, Ball de Choiste um Dhlí Choiriúil Dhlí-Chumann na hÉireann

An tUas. Valerie Fallon, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An tUas. Matthew Feeley, Oifig an Ard-Aighne

An tUas. Elizabeth Howlin, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

An Dr Richard Humphreys, Abhcóide

An tUas. Patrick MacEntee, Abhcóide Sinsearach (AS), Abhcóide na Banríona (QC)

An Breitheamh Onórach Patrick J. McCarthy, Breitheamh Ard-Chúirte

An tOllamh Paul O' Connor, An Scoil Dlí, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An tUas. Mags O' Driscoll, Abhcóide

An tUas. Lia O'Hegarty, Comhairleoir maidir le reachtaíocht agus gnóthaí poiblí agus ball den Choimisiún um Chearta an Duine

An tUas. Caoimhín Ó hUiginn, Iar-Rúnaí Cúnta, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An Rúnaíocht um Chódú an Dlí Choiriúil

Is é ról na Rúnaíochta um Chódú an Dlí Choiriúil ná tacaíocht riaracháin a chur ar fáil don Choiste Comhairleach chun cabhrú leis lena chuid oibre. Is iad a chuid ball ná:

An tUas. Valerie Fallon BL, Príomhoifigeach, Stiúrthóir

An tUas. Tracy O'Keeffe BCL, LL.M (OÉ), BL, Príomhoifigeach Cúnta

An tUas. Conor Nelson BA, LL.B, LL.M (OÉ), BL, Oifigeach Feidhmiúcháin

An tAonad Tacaíochta um Chódú an Dlí Choiriúil

Tugann an tAonad Tacaíochta Taighde, atá lonnaithe sa Scoil Dlí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, faoi thascanna taighde a shannann an Coiste Comhairleach dó. Is iad a chuid ball ná:

An tOllamh Finbarr McAuley BCL, LLB, MPhil (Edin), LLD, Stiúrthóir

An tOllamh Paul A. O'Connor BCL, LLM, LLM (Penn), BL

Is iad seo a leanas taighdeoirí lánaimseartha an Aonaid Tacaíochta Taighde:

An tUas. Jane Mulcahy BCL (Dlí agus Gearmáinis), LLM (OÉ),
Taighdeoir Sinsearach

An tUas. Carl Grainger LLB (Durham), LLM (Londain)

An tUas. Seán Ó Toghda BCL Dlí le Dlí na Fraince (OÉ), LLM
(Londain).

Sonraí Teagmhála

Is féidir eolas breise a fháil ó:

An Rúnaíocht um Chódú an Dlí Choiriúil
Scoil Dlí an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Caisleán Roebuck
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Belfield
Baile Átha Cliath 4

Teileafón: +353 1 716 7913
Ríomhphost: criminalcode@justice.ie
Láithreán Gréasáin: www.criminalcode.ie

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí in 2008

Achoimre ar ghníomhaíochtaí in 2008

Eanáir	D'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Céad Chlár Oibre 2008 - 2009 an Choiste Chomhairligh go foirmiúil.
Feabhra	Thug toscaireacht ón gCoiste Comhairleach, ón Rúnaíocht agus ón Aonad Tacaíochta Taighde cuairt ar Choimisiún Dlí na hAlban i nDún Éideann.
Márta	Rinne an tUas. Joanne Klineberg, An Roinn Dlí agus Cirt, Ceanada cur i láthair don Choiste Comhairleach maidir le dlí coiriúil a chódú i gCeanada.
Meitheamh	Ceapadh an tUas. Patrick MacEntee AS, QC chuig an gCoiste Comhairleach tar éis do Chomhairle an Bharra é a ainmniú.
Iúil	Ghlac an tOllamh Paul Robinson, saineolaí ar chódú idirnáisiúnta, páirt i bplé mionsonraithe leis an gCoiste Comhairleach maidir leis an treoirthionscadal chun an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a chódú. D'éascaigh an Coiste Comhairleach 22 ^ú Comhdháil Bhliantúil an Chumann Idirnáisiúnta um Athchóiriú Dlí Coiriúil, leis an téama "An Dlí Coiriúil a Chódú: Tionscnaimh Nua-aimseartha" a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.
Samhain	Cuireadh an chéad dréacht d'fhorálacha an chóid maidir le cionta neamh-mharfacha in aghaidh an duine faoi bhráid an Choiste Chomhairligh lena phlé ag a chruinniú ar an 4-5 Nollaig 2008.

Cruinnithe an Choiste Chomhairligh

Reáchtáil an Coiste Comhairleach 10 gcrúinniú in 2008, ar na dátaí seo a leanas:

17 Eanáir

14 Feabhra

13 Márta

17 Aibreán

15 Bealtaine

12 Meitheamh

9 Iúil (cruinniú leis an Ollamh Paul Robinson)

25 Meán Fómhair

30 Deireadh Fómhair

4-5 Nollaig.

Faomhadh Chéad Chlár Oibre 2008 - 2009 de chuid an Choiste Chomhairligh

Forálann Alt 173 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 go ndéanfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí clár oibre a chinneadh a dtabharfadh an Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil faoi, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach.

Mhol an Coiste Comhairleach dréacht den Chéad Chlár Oibre don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i Nollaig 2007 chun an tréimhse 2008 go 2009 a chlúdach. D'fhaomh an tUas. Brian Lenihan T.D., a bhí ina Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an am, céad chlár oibre an Choiste Chomhairligh ar an 24 Eanáir 2008.

Go ginearálta, cuireann an Clár Oibre síos ar na príomhchéimeanna a bhaineann le foinsí dhlí coiriúil na hÉireann a chur le chéile i ndrúachtchód coiriúil cuimsitheach agus leagann sé amach na gnéithe suntasacha den mhodheolaíocht a mbainfear úsáid astu sa phróiseas códaithe. Ceapadh an Clár i bhfianaise phríomh-mholtaí an tSainghrúpa ar Chódú an Dlí Choiriúil, tar éis iniúchadh fairsing a rinne an tAonad Tacaíochta Taighde.

Mar a chuirtear síos air sa Chlár Oibre, beidh an ionstraim thionscnaimh comhdhéanta de Chuid Ghinearálta, a chlúdóidh prionsabail ghinearálta an dliteanais choiriúil, agus a chroílár, an Chuid Shonrach, atá comhdhéanta de

cheithre chaibidil a phléann faoi seach cionta neamh-mharfacha in aghaidh an duine, cionta um dhamáiste coiriúil, cionta gadaíochta agus calaoise, agus cionta oird phoiblí. Déanfaidh an Coiste Comhairleach machnamh ar an bhféidearthacht cionta dúnbhásaithe a chur san áireamh sa Chuid Sonrach den chéad ionstraim cóid, faoi réir an iarratais a rinne an tAire a bhí ann ag an am ina leith.

Tá an chéad Chlár Oibre leagtha amach in Aguisín 1.

Treoirthionscadal chun an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a chódú

In 2008, bhí obair an Choiste Chomhairligh dírithe ar threoirthionscadal chun an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a chódú. Tá an tasc sin treoraithe ag an modheolaíocht atá leagtha amach sa Chlár Oibre.

Tá dhá chuid ag baint leis an dtasc, ar an gcéad dul síos an dlí neamhshubstainteach a bhaint as Acht 1997 agus ar an dara dul síos, teicnící an chódaithe a chur i bhfeidhm ar fhorálacha an Achta, i dteannta le teimpléad sealadach cionta a fhorbairt lena úsáid ar fud an bhirt.

I rith a chuid oibre ar an treoirthionscadal, d'ullmhaigh an tAonad Tacaíochta Taighde páipéir taighde ar na ceisteanna seo a leanas:

- Ceisteanna a bhaineann le struchtúir
- Ceisteanna a bhaineann le sainmhínithe
- Téarmaíocht atá neodrach ó thaobh inscne de
- Téarmaíocht na ngnéithe lochta
- Téarmaíocht na ngnéithe sonracha
- Teanga iomarcach
- Údarás dleathach, srl.
- Teorainneacha le toiliú mar chosaint
- Toiliú neamhéifeachtach
- Sáruithe *De minimis*
- Dlíteanas dian
- Roinnt an tsaothair idir an Chuid Ghinearálta agus an Chuid Shonrach
- Dlí aidiachtach
- Neamhiomláine: cosaintí (ceartú réasúnta)
- Neamhiomláine: cionta
- Cionta neamhlárnacha
- Rangú mícheart ar chionta
- Cionta forluiteacha/iomarcacha
- Caibidlí aonair den Chuid Shonrach a chódú.

Ghlac an Coiste Comhairleach le roinnt moltaí sealadacha ar bhonn na bpáipéar taighde seo. Thosaigh obair ansin ar shraith forálacha i leith cionta maidir le cionta neamh-mharfacha in aghaidh an duine a fhorbairt a bheadh ag cloí leis an gcód.

Cuireadh an chéad dréacht den Chuid a bhaineann le cionta neamh-mharfacha in aghaidh an duine agus a chloígh go hiomlán leis an gcód, faoi bhráid an Choiste Chomhairligh lena phlé ag cruinniú speisialta fadaithe a eagraíodh ar an 4-5 Nollaig 2008. Is éard atá i gceist leis ná athfhormáidiú mionsonraithe ar na forálacha i leith cionta atá ar fáil in Acht 1997 de réir na teicnící códaithe mar a léirítear sna páipéir taighde í, agus déantar achoimre air sna moltaí sealadacha a rinne an Coiste Comhairleach. Ag cruinniú mhí na Nollag, thug an Coiste Comhairleach faoin gcéad scrúdú cuimsitheach ar an dréacht. Leanfaidh an Coiste Comhairleach ar aghaidh ag forbairt na dréachta.

Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchóiriú Dlí Coiriúil

D'éascaigh an Coiste Comhairleach na socruithe do 22^ú Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchóiriú Dlí Coiriúil (CIADC) a eagraíodh ón 11 go dtí an 15 Iúil 2008 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is éard atá i gceist leis an CIADC ná cumann idirnáisiúnta neamhrialtasach de bhreithiúna, reachtóirí, dhlíodóirí, acadóirí agus oifigigh rialtais a thagann le chéile chun dul i mbun oibre go gníomhach ar riaradh an cheartais choiriúil, laistigh dá ndlínsí féin agus go hidirnáisiúnta araon.

Ba é téama chomhdháil 2008 ná “An Dlí Coiriúil a Chódú: Tionscnaimh Nuaaimseartha”. Bhí an chomhdháil ar siúl le linn don tionscadal um an dlí coiriúil a chódú a bheith ar siúl, agus tharraing sí mórán suime agus tacaíochta ó phobal dlí na hÉireann agus ó na hoifigí éagsúla Stáit a bhfuil baint acu le dlí coiriúil na hÉireann. Fuair an chomhdháil poiblíocht shuntasach sna nuachtáin Éireannacha.

Bhí an Breitheamh Onórach John L. Murray, Príomh-Bhreitheamh na hÉireann, ina chathaoirleach air. Thug Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, an t-aitheasc oscailte. Bhí an tUas. Dermot Ahern T.D., an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ina óstach ar fháiltiú Stáit i gCaisleán Bhaile Átha Cliath oíche oscailte na comhdhála.

Chuir Coiste an Chláir, a bhí bunaithe in Éirinn agus an tOllamh Finbar McAuley ina chathaoirleach air, clár le chéile don chomhdháil. Ba iad seo a leanas comhaltaí eile de Choiste an Chláir:

- An tUas. Conal Boyce, Aturnae, An Coiste um Dhlí Coiriúil, Dlí-Chumann na hÉireann
- An tUas. Valerie Fallon BL, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An tUas. Paul Gallagher AS, Ard-Aighne na hÉireann
- An tUas. James Hamilton, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
- An Breitheamh Nicholas Kearns, Cúirt Uachtarach na hÉireann
- An Breitheamh Catherine McGuinness, Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí

- An tUas. Shane Murphy AS
- An tUas. Paul O’Higgins AS
- An Leas-Choimisinéir Nacie Rice, An Garda Síochána
- An tOllamh William Schabas, Stiúrthóir, An tIonad Éireannach um Chearta an Duine, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- An tUas. Donald Sorochan QC, Stiúrthóir, cisteoir agus ball de choiste bainistíochta an CIADC
- An tUas. Michael Staines, Aturnae
- An tUas. Mark H. Tuohey III, Dlíodóir, Vinson & Elkins, Washington DC.

Tháinig toscairí agus cainteoirí ó Éirinn, an RA, SAM, Ceanada, an Astráil, an Afraic Theas agus an Eoraip le chéile ag an gcomhdháil. Rinne an chomhdháil scrúdú ar thionscnamh códaithe na hÉireann, cineálacha cur chuige difriúla maidir le traidisiún dlí choitinn a chódú, creat bunreachtúil an chódaithe, prionsabail ghinearálta an dlíteanais choiriúil agus na gcosaintí éagsúla a chódú agus an Chuid Shonrach a chódú, le béim ar leith ar chionta dúnbhásaithe agus gnéis.

Chomh maith leis sin, bhí meascán de sheisiúin iomlánacha agus ceardlainne ann ar ábhair éagsúla, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht agus an dlí coiriúil, reachtaíocht na ndrugaí, pianbhreitheanna a ghearradh, íospartaigh agus finnéithe sa phróiseas coiriúil, ciontóirí contúirteacha agus seasmhacha, mí-eagar meabhrach agus an dlí coiriúil, ciontóirí óga agus dlíteanas coiriúil na gcorparáidí.

Chuir roinnt ball den Choiste Comhairleach páipéir i láthair ag an gcomhdháil:

- Chuir an tOllamh Finbarr McAuley páipéar i láthair ag seisiún oscailte na comhdhála ar phróiseas códaithe na hÉireann i gcomhthéacs stairiúil. Ghlac sé páirt freisin sa seisiún comhstádas maidir le códú agus sa seisiún iomlánach maidir le cionta sonracha.
- Chuir an Dr Richard Humphreys páipéar i láthair dar teideal “Drafting issues in gradual codification and the use of indicative headings” (“Ceisteanna dréachtaithe i gcódú de réir a chéile agus úsáid na gceannteideal táscach”).
- Chuir an tUas. Lia O’Hegarty páipéar i láthair dar teideal “The Constitutional and Human Rights Framework for Codification of the Criminal Law in Ireland” (“An Creat Reachtuil agus um Chearta an Duine maidir le Códú an Dlí Coiriúil in Éirinn”).

I measc na rannpháirtithe Éireannacha eile bhí:

- An tUas. Sean Aylward, Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An Breitheamh Paul Carney, Ard-Chúirt agus Príomh-Chúirt Choiriúil na hÉireann
- An Breitheamh Maureen Clark, Ard-Chúirt na hÉireann

- An Breitheamh Adrian Hardiman, Cúirt Uachtarach na hÉireann
- An Breitheamh John Hedigan, Ard-Chúirt na hÉireann
- An Dr Harry Kennedy, Stiúrthóir an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar
- An Breitheamh Brian McCracken, Cathaoirleach, An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil)
- An tUas. Michael McDowell AS, Iar-Ard-Aighne agus Iar-Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An tUas. James McGuill, Uachtarán Dhlí-Chumann na hÉireann
- An tAthair Peter McVerry Cí
- Coimisinéir na nGardaí Fachtna Murphy
- An Breitheamh Kevin O'Higgins, Breitheamh de Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach

I measc na rannpháirtithe idirnáisiúnta bhí:

- An tUas. Damian Bugg AM, QC, Seansailéir Ollscoil na Tasmáine
- An tOllamh Roger Clark, Ollamh le Dlí, Ollscoil Rutgers
- An tOllamh Pamela Ferguson, Ollamh le Dlí, Ollscoil Dhùn Dèagh
- An Breitheamh Morris Fish, Breitheamh Chúirt Uachtarach Cheanada
- An Tiarna Peter Goldsmith PC, QC, Iar-Ard-Aighne Shasana agus na Breataine Bige
- An Breitheamh Michael Kirby, Ard-Chúirt na hAstráile
- An Breitheamh Richard Mosley, Breitheamh Chúirt Fheidearálach Cheanada
- An tUas. Don Piragoff, Ard-Abhcóide Sinsir, Rannóg Beartais an Dlí Coiriúil, An Roinn Dlí agus Cirt, Ceanada
- An tOllamh Paul Robinson, Ollamh le Dlí, Ollscoil Pennsylvania
- An tOllamh Don Stuart, Dámh an Dlí, Ollscoil na Banríona, Kingston, Ontario, Ceanada.

Bhí an Siompóisiam do Ghairmithe Óga Dlí agus Cirt thar a bheith rathúil freisin. Bhí sé ar siúl díreach roimh an gcomhdháil agus an Breitheamh Vivian Lavan ina chathaoirleach air. Rinne an tUas. Rebecca Coen ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí comhordú ar an siompóisiam, a bhí dírithe ar an gcóras ceartais choiriúil agus an ciontóir a bhfuil géarghalar meabhrach air/uirthi i gcomhthéacs idirnáisiúnta agus idirdisciplínigh.

Rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Dlí-Chumann agus Comhairle an Bharra fáiltithe a óstáil go flaithiúil do na toscarí.

Tá go leor de na páipéir comhdhála ar fáil lena n-íoslódáil ó láithreán gréasáin an CIADC www.isrcl.org.

Ionadaí ó Chomhairle an Bharra ceaptha chuig an gCoiste Comhairleach

Cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tUas. Patrick MacEntee, AS, QC, ina bhall den Choiste Comhairleach i mí an Mheithimh 2008. Ba í Comhairle an Bharra a d'ainmnigh é.

Cuairt ar Choimisiún Dlí na hAlban

Bhuail toscaireacht, ar a raibh ionadaithe ón gCoiste Comhairleach, ón Rúnaíocht agus ón Aonad Tacaíochta Taighde, le hionadaithe ó Choimisiún Dlí na hAlban ar an 25 Feabhra i nDún Éideann. D'fhreastail baill d'fhoireann Dhréacht-Chód Coiriúil na hAlban, oifigigh ó Fheidhmeannas na hAlban, ionadaithe ó Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte na hAlban agus an Ridire Gerald Gordon, údar *The Criminal Law of Scotland*, ar an gcruinniú.

Cur i láthair an Uas. Joanne Klineberg, An Roinn Dlí agus Cirt, Ceanada

Thug an tUas. Joanne Klineberg, An Roinn Dlí agus Cirt, Ceanada, cuairt ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ó Eanáir go Márta 2008 mar chuid de chlár malartaithe idir an Roinn Dlí agus Cirt, Ceanada, agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Rinne sí cur i láthair don Choiste Comhairleach ag a chruinniú ar an 13 Márta 2008 maidir le dlí coiriúil a chódú i gCeanada. Ghlac an tUas. Klineberg páirt i gcruinnithe, agus chuir sí a saineolas ar fáil, i dtaca le taighde códaithe ó Eanáir go Márta 2008 freisin.

Cuairt an Ollaimh Paul Robinson

Thug an tOllamh Paul Robinson, Ollamh Oirirce Colin S. Diver le Dlí ag Ollscoil Pennsylvania, atá i mbun oibre ar athchóiriú an chóid choiriúil le daichead bliain anuas mar dhréachtóir cóid agus mar chriticeoir acadúil ar chóid reatha, cuairt ar Éirinn i mí Iúil 2008 lena shaineolas agus chomhairle a chur ar fáil i leith tionscadal na hÉireann um chódú an dlí choiriúil. Chuir an tOllamh Robinson tuairisc scríofa ar fáil freisin maidir leis an obair atá curtha i gcrích ar an tionscadal go dtí seo.

Le linn a chuairte, bhuail an tOllamh Robinson le baill aonair den Choiste Comhairleach, den Rúnaíocht Cóadaithe agus den Aonad Tacaíochta Taighde chun comhairle agus faisnéis a sholáthar maidir leis an tionscadal códaithe agus ghlac sé páirt i cruinniú mhí Iúil an Choiste Chomhairligh. Ghlac sé páirt i 22^ú Comhdháil Bhliantúil an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchóiriú Dlí Coiriúil agus rinne sé trí cur i láthair ann.

Idirghníomhú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí

Is mian leis an gCoiste Comhairleach a chur in iúl go bhfuil sé buíoch den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí as ucht a thacaíochta agus a shaineolais leantaigh. Cuirfidh réimsí móra oibre ar thug an Coimisiún fúthu sa Dara Clár um Athchóiriú an Dlí dá chuid agus atá beartaithe faoin Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014 leis an tionscadal um chódú an dlí choiriúil.

Áirítear leis na réimsí sin dúnorgain chorparáideach, dúnbhású agus marú neamhdhleathach, cosaintí sa dlí coiriúil agus cionta neamhiomlána. Ina theannta, déanfaidh tionscadail taighde faoin Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí de chuid an Choimisiúin ar ghnéithe de dhliteanas coiriúil a bhaineann leis an gCuid Ghinearálta den chód coiriúil, Clár Oibre an Choiste Comhairligh a chomhlánú.

Aguisín 1: Céad Chlár Oibre 2008-2009

Réamhrá

- 1.01 Tar éis mholadh an tSainghrúpa ar Chódú an Dlí Choiriúil, beidh an ionstraim cóid tionscnaimh comhdhéanta de Chuid Ghinearálta agus a chroílár, an Chuid Shonrach.
- 1.02 Dá réir sin, soláthróidh an Fhoireann Cóid sraith chuimsitheach forálacha a chlúdóidh na réimsí sin i bhfoirm Dréachtbhille um Chód Coiriúil.

An Chuid Ghinearálta

- 1.03 I gcóid choiriúla nua pléann an Chuid Ghinearálta le prionsabail an dliteanais choiriúil agus le ceistanna eile a bhaineann go ginearálta leis na cionta go léir atá sa Chuid Shonrach.
- 1.04 Dá réir sin, cuimseoidh an cleachtas ceaptha agus dréachtaithe i dtaobh na Coda Ginearálta na gnéithe seo a leanas nó an chuid is mó díobh:

Réamhábhair agus Ábhair Choimhdeacha

- (a) Cuid ar léirmhíniú agus cuspóir
- (b) Foclóir agus sainmhínithe
- (c) Úsáid nótaí míniúcháin
- (d) Úsáid samplaí léirithe
- (e) Teorannacha ama ar chur i bhfeidhm an chóid: dáta tosaithe agus forálacha do chur i bhfeidhm moillithe; forálacha idirthréimhseacha
- (f) Raon chur i bhfeidhm an chóid ar chionta cóid agus ar chionta neamhchóid
- (g) Leasú agus cothabháil

Gnéithe Ciona

- (a) Prionsabail ghinearálta ar dheighilt a dhéanamh idir eilimintí fisiciúla agus lochta
- (b) Eilimintí Fisiciúla
- (c) Cúisíocht
- (d) Gnéithe lochta
- (e) Dearmad fíorais
- (f) Dearmad dlí
- (g) Dliteanas dian

Cosaintí Ginearálta

- (a) Aois
- (b) Uathoibreánachas slánchéillí
- (c) Gealtacht agus freagracht laghdaithe

- (d) Meisce
- (e) Éigeantas
- (f) Riachtanas
- (g) Cosaint dhlisteanach
- (h) Údarás dleathach
- (i) Sáinniú

Comhpháirteachas

Cosaintí neamhiomlána

- (a) Iarracht
- (b) Gríosú
- (c) Comhcheilg

Freagracht choiriúil chorparáideach

- (a) Prionsabail ghinearálta
- (b) Eilimintí Fisiciúla
- (c) Gnéithe lochta
- (d) Cosaintí

Cruthúnas ar fhreagracht choiriúil

- (a) Dualgas dleathach cruthúnais
- (b) Dualgas fianaise cruthúnais
- (c) Caighdeán an chruthúnais
- (d) Deimhnisc

Feidhmiú geografach

An Chuid Shonrach

- 1.05 Beidh na príomhchionta go léir sa liosta cúiseanna coiriúla sa Chuid Shonrach den chód sa deireadh.
- 1.06 Beidh an liosta cúiseanna cionta a bheidh san áireamh sa Chuid Shonrach foroinnte ina sraith de chatagóirí nó caibidlí scoite de réir ábhair.
- 1.07 Beidh caibidlí ar chionta rangaithe de réir troime coibhneasta, chomh maith leis an gcatalóg de chionta a bheidh san áireamh i ngach caibidil.
- 1.08 Tar éis mholadh an tSainghrúpa ar Chódú an Dlí Choiriúil, déanfar an Chuid Shonrach a dhréachtú agus a achtú ar bhonn céimnitheach.
- 1.09 Mhol an Sainghrúpa freisin gur cheart an Chuid Shonrach den ionstraim cóid tionscnaimh a a theorannú don chatalóg de chionta a fhaightear sna mionchóid a achtaíodh le déanaí, *viz.*,
 - an tAcht um Dhamáiste Coiriúil 1991;
 - an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994;

- an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997;
- agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

1.10 Dá réir sin, is é a bheidh i gceist leis an gclár oibre ar an gCuid Shonrach den ionstraim cóid tionscnaimh ná ceithre chaibidil cóid a dhréachtú a chuimseoidh ábhar na reachtanna sin.

1.11 Ansin cuirfear na catagóirí eile cionta leis an gcód ar bhonn céimnitheach sa tionscadal cóidithe. Chun an próiseas a éascú, ceapfaidh an Fhoireann Cóid dréachtscéim don Chuid Shonrach ina hiomlán, ag sonrú cá háit ar cheart na catagóirí eile cionta a chur isteach.

Modheolaíocht

Réamhrá

- 2.01 Baineann sé le nádúr go mbeidh cur i bhfeidhm theicníc an chódaithe ar an gcorp dlí atá curtha in áirithe le cuimsiú sa chód dlíthiúil i gceist sa Chlár Oibre, ar leagadh amach é sa chuid roimhe. Chun conas a rachaidh an Clár Oibre ar aghaidh a mhíniú, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach na gnéithe suntasacha a bhaineann le teicníc an chódaithe a aithint.
- 2.02 Maidir leis an gCód Coiriúil ina iomlán, is é an cuspóir lárnach a bheidh i gceist ná dlí substainteach na coire a bhailiú in aon ionstraim amháin a bheidh eagraithe go loighciúil agus éasca a léamh. Sá lá atá inniu ann déantar é sin de ghnáth tríd an gcód coiriúil a roinnt ina dhá chuid, cuid amháin a phléann le prionsabail an dliteanais choiriúil (an Chuid Ghinearálta), agus cuid eile a phléann le liosta cúiseanna coiriúla (an Chuid Shonrach).

An Chuid Ghinearálta a Chódú

- 2.03 Maidir leis an gCuid Ghinearálta, leagfar an bhéim ar athráiteas. Is é an tasc a bheidh i gceist ná na rialacha ar dhlí coiteann agus (an corp beag de) na rialacha ar dhlí reachtúil a rialaíonn cur i leith dliteanais choiriúil a athrá i gcorp cuimsitheach dlí ar féidir é a chur i bhfeidhm go córasach ar na cionta go léir atá san áireamh sa Chuid Shonrach.
- 2.04 Tá sé tábhachtach a shonrú nach dtarlóidh an cleachtas athráitis sin i bhfolús. Beidh sé treoraithe ag ceann de na múnlaí nó na scéimeanna caighdeánacha reachtaíochta - is é Pianchód Múnla Mheiriceá an sampla is fearr a bhfuil aithne air b'fhéidir - a forbraíodh go sonrach leis an gCuid Ghinearálta a laghdú go foirm chódaithe.
- 2.05 Go ginearálta, déanann na scéimeanna agus na heiseamláirí sin ábhar agus dearadh na Coda Ginearálta de chóid choiriúla nua sa dlí coiteann a rianú, agus léiríonn siad cothrom na tuairime sa litríocht idirnáisiúnta ar ábhair mar an rangú agus an seicheamhú is fearr d'eilimintí an dliteanais agus na cosaintí ginearálta. Cuireann na múnlaí is rathúla soiléire an léirithe agus eagraíocht loighciúil chun tosaigh. Freisin baineann siad úsáid fhairsing as coinbhinsiúin dréachtaithe agus teimpléid sainmhínithe atá ceaptha le héascacht rochtana agus tuiscint a bharrfheabhsú d'úsáideoirí an chóid.
- 2.06 I dtraidisiún an dlí choitinn, bíonn iomláine mar aidhm ag scéimeanna múnla den sórt sin. De ghnáth cuirtear na rialacha dliteanais go léir atá ag teastáil le cás coiriúil a shocrú in iúl laistigh de réimse na Coda Ginearálta, in áit prionsabail ghinearálta an dliteanais a shonrú i

bhfoirm imlíne agus é a fhágáil faoi na cúirteanna a sainmhíniú a fhorhmíniú ar bhonn cás ar chás.¹

- 2.07 Mar achoimre, beidh sé ina dhúshlán lárnach don Choiste Chomhairligh múnla reachtúil a roghnú don Chuid Ghinearálta a oireann do choinníollacha na hÉireann; agus ansin na rialacha dliteanais a forbraíodh ag dlí coiteann (agus atá forlíonta ag reacht) a athfhormáidiú ionas go mbeifear in ann iad a athshonrú laistigh den chreat a sholáthraíonn an múnla.

An Chuid Shonrach a Chódú

- 2.08 I gcás na Coda Sonraí, leagfar béim ar athráiteas freisin, cé go bhfuil an corp dlí nach mór a athrá laghdaithe go foirm reachtúil cheana – i bhfoirm ceithre mhionchód a roghnaíodh le cuimsiú sa Chuid Shonrach tionscnaimh.
- 2.09 Tá na reachtanna sin dréachtaithe den chuid is mó i leagan cainte inrochtana nua-aimseartha; agus, mar a thug an Sainghrúpa ar Chódú an Dlí Choiriúil faoi deara, nuair a bhreathnaítear orthu ina n-iomlán léiríonn siad cuid réasúnta de chomhsheasmhacht coincheapa. Ach ní chloíonn siad leis an gcód. Athraíonn soiléire agus stíl an dréachtaithe idir mionchód amháin agus mionchód eile. Níl na teimpléid a úsáidtear le cionta a shainiú comhréireach. Uaireanta áirítear i sainmhínte ar chionta rialacha dliteanais ar cheart iad a bheith sa Chuid Ghinearálta ; agus ba cheart freisin go mbeadh na forálacha fairsinge a phléann le fórsa cosantach a úsáid atá in alt 18 go 20 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 sa Chuid Ghinearálta freisin. D'fhéadfaí a áiteamh go ndearnadh roinnt cionta a mhí-aicmiú sna mionchóid. Agus tá roinnt fianaise freisin ar chionta a bhfuil an cuma orthu go bhfuil siad forluiteach nó iomarcach.
- 2.10. Sa bhreis air sin, i dteanna le dlí substainteach na coire ina réimsí faoi seach, tá méideanna móra agus éagsúla de dhlí aidiachtach – a phléann le fianaise, nós imeachta, agus le gearradh pianbhreith – i ngach ceann de na ceithre mhionchód. Déanann an ghné sin de na mionchóid na sainmhínte ar chionta a róphlódú agus mar sin déantar na rialacha iompair atá iontu a dhoiléiriú, agus ar an mbealach sin téitear salach ar cheann d'aidhmeanna lárnacha an chódaithe.
- 2.11 Mar thoradh air sin, beidh gá ábhar na mionchód a athfhormáidiú sular féidir dul ar aghaidh leis an gcleachtas athráitis i gceart.

¹ Lean an reachtas an dara cleachtas sna ceithre mhionchód a bheidh ina bhunús don Chuid Shonrach tionscnaimh. Mar sin cé go dteastaíonn cruthúnas lochta i bhfoirm rúin nó meargántachta den chuid is mó de na cionta sna mionchóid, níl na téarmaí sin sainmhínte sa bhunreachtaíocht, sna codanna léirmhínte ná i gcorp na n-achtachán. Maidir le hiomláine, beidh gá iad a shainmhíniú sa chód coiriúil - sa Chuid Ghinearálta, toisc go mbeidh siad i bhfeidhm thar an speictream iomlán de chionta sa Chuid Shonrach.

- 2.12 Ag cuimhneamh go bhfuil an Chuid Shonrach ceaptha le plé le dlí *substainteach* na coire, beidh gá an dlí aidiachtach a luadh san alt roimhe a scaradh amach agus a chur in áit eile, i sceideal ag cúl na hionstraime cóid b'fhéidir.
- 2.13 Ar an gcaoi chéanna, toisc gurb é ceann de phríomhfheidhmeanna na Coda Sonraí ná an liosta cúiseanna coiriúla a shruthlíniú, luíonn sé le réasún go mbeidh gá leis an ábhar neamhábhartha go léir a bhaint as na rialacha iompair sna mionchóid sula ndéanfar iad a athrá sa chód coiriúil.
- 2.14 Sa bhreis air sin, toisc go bhfuil rialacha iompair dírithe ar an bpobal go príomha, beidh gá sa chleachtas athráitis le haird faoi leith a thabhairt ar luachanna lárnacha an chódaithe mar atá simplíocht, comhsheasmhacht, agus comhréir struchtúrtha. Beidh gá le cionta a shainmhíniú i dteanga shimplí agus ar bhunús beartais dian i leith frithscaipthe. Is é an prionsabal rialaitheach a bheidh i gceist ná, seachas téarmaí an fheidhmithe ghinearálta thar an gCuid Shonrach,² gur cheart cionta a shainmhíniú go cuimsitheach áit a dtagann siad chun solais sa chód coiriúil.
- 2.15 Is léir go mbeidh gá dá bharr imeacht ón gcleachtas reatha maidir le dréachtú agus reachtaíocht, a bhraitheann go mór ar chodanna léirmhínithe a úsáid arb é an tionchar a bhíonn acu ná sainmhíniú ciona a bhriseadh suas trí théarmaí lárnacha a mhíniú *sula* dtugtar an cion é féin isteach.
- 2.16 Trí chomhchosúlacht loighce, beidh gá le cionta a struchtúru de réir teimpléid chomhréirigh a úsáidfear ar fud na Coda Sonraí. Déanfaidh an Fhoireann Cóid an teimpléad sin a dhearadh tar éis suirbhé chuimsithigh ar na ceithre mhionchód.
- 2.17 Is leor a rá faoi láthair go ndíreoidh an teimpléad ar feabhas a chur ar thuiscint agus éascacht rochtana don ghnáthshaoránach; agus dá réir, sonrúidh sé ceisteanna mar:
- (i) ainm an chiona;
 - (ii) sainmhíniú ar an gcion, agus foirm chaighdeánach sainmhínithe den chineál seo a úsáid 'Déanann duine cion má [na gnéithe den chion a liostú];
 - (iii) na coinníollacha nach ndéantar cion sonrath fúthu - 'Ní dhéanann duine cion má...[srl]'; agus
 - (iv) ciall na dtéarmaí lárnacha a úsáidtear chun an cion a shainmhíniú.

² A bheadh sainmhínithe go nádúrtha sa Chuid Ghinearálta; féach an fonóta roimhe.

- 2.18 Mar achoimre, is é a bheidh i gceist le códú na Coda Sonraí ná athfhormáidiú a dhéanamh ar an cionta sna mionchóid mar rialacha iompair iontu féin ar baineadh ábhar seachtrach astu agus ar féidir iad a léamh agus a thuiscint gan gá le córas casta trasthagartha do chodanna eile den ionstraim cóid.

Dréachtú Reachtúil agus Códú

- 2.19 Faoi dheireadh, nóta ar an gcleachtas dréachtaithe é féin. Gníomhaíocht an-chasta agus an-sonrach atá i ndréachtú reachtúil, agus tá an t-ádh ar an gCoiste Comhairleach go bhfuil roinnt saineolais ar an réimse sin laistigh den Choiste.
- 2.20 De réir mar a théitear i mbun an phróisis chódaithe, tá sé de rún ag an gCoiste Comhairleach freisin dul i gcomhairle go forleathan laistigh agus lasmuigh de ghairias an Stáit ar ghnéithe éagsúla de dhréachtú reachtúil.
- 2.21 Baineann sé le nádúr go mbeidh gá le hoibriú i ndlúthpháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun an Dréachtchód a ullmhú. Sa deireadh thiar, déanfar an Cód Coiriúil i bhfoirm Dréachtbhille a thiocfaidh as an Roinn sin. Ar an gcaoi chéanna, toisc go rithfear an beart sa deireadh i bhfoirm Achta um Chód Coiriúil, ní gá a rá go mbeidh air dul tríd an bpróiseas reachtúil ar an ngnáthchaoi. Mar sin tá gá le dlúth-chomhoibriú idir Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus an dréachtbheart á fhorbairt.
- 2.22 Ach mar atá léirithe sa phlé roimhe, ní hiad na teicnící ceannann céanna atá i gceist le códú agus dréachtú dlí reachtúil. Ardaíonn teicníc an chódaithe go leor ceisteanna dréachtaithe ar cosúil go mbaineann siad léisean amháin, agus ní mór go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach duine a bheidh páirteach sa chód coiriúil a dhéanamh, ar na ceisteanna céanna ionas go mbeidh an ionstraim a thiocfaidh as an bpróiseas fiúntach.
- 2.23 Pléifidh an Coiste Comhairleach leis an bhfadhb sin trí thráchtairacht reatha a dhéanamh ar a chuid dréachtscéimeanna de réir mar a ullmhaítear iad. Cuirfear na scéimeanna sin agus na tráchtairachtaí a rachaidh leo ar aghaidh chuig na Ranna agus na hOifigí Rialtais ábhartha agus chuig an bpobal dlí níos leithne le trácht a dhéanamh orthu, agus foilseofar iad ar ár láithreán gréasáin. Freisin déanfar iad a thástáil i sraith de sheimineáir agus de chomhairliúcháin phoiblí a tharlóidh thar shaolré na céime reatha den tionscadal códaithe.
- 2.24 Chun trácht idirnáisiúnta a tharraingt, cuirfear dréachtaí tosaigh na dteimpléad cionta atá le húsáid sa Chuid Shonrach faoi bhráid 22^ú Chomhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchóiriú an Dlí Choiriúil i mBaile Átha Cliath in Iúil 2008.

Aguisín 2: Cuid 14 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006

Alt 167 An Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil.

Tá comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar an Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil nó, sa Bhéarla, the Criminal Law Codification Advisory Committee agus dá ngairtear an “Coiste” sa Chuid seo, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

Alt 168 Feidhmeanna an Choiste.

(1) Is é an fheidhm a bheidh ag an gCoiste maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt cláir chun an dlí coiriúil a chódú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh an Coiste na nithe seo a leanas

(a) pleanáil, faireachán agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm cláir chun cód coiriúil (“an cód”) a fhorbairt,

(b) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire maidir le réimsí den dlí choiriúil a chomhdhlúthú lena gcur san áireamh sa chód,

(c) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire i ndáil le leasú an chóid agus maidir lena choimeád sa todhchaí,

(d) tionscadail taighde a bhaineann le códú an dlí choiriúil a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú iontu nó cabhrú leo,

(e) comhairle a ghlacadh, maidir le haon ábhair áirithe is iomchuí leis an gCoiste, le daoine atá cáilithe chun tuairimí a thabhairt air,

(f) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta i dtaca le códú an dlí choiriúil sa mhéid go bhfuil siad iomchuí maidir le forbairt an chóid agus comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire ina leith sin,

(g) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire maidir le haon saincheisteanna gaolmhara eile, lena n-áirítear saincheisteanna a chuirfidh an tAire faoi bhráid an Choiste lena mbreithniú.

Alt 169 Comhaltas an Choiste.

(1) Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste, is é sin le rá, gnáthchomhaltaí agus cibé líon gnáthchomhaltaí a cheapfaidh an tAire ó am go ham de réir riachtanais na hócáide.

(2) Déanfaidh an tAire comhaltaí an Choiste a cheapadh as measc daoine ag a bhfuil taithí ar nithe a bhfuil baint acu le feidhmeanna an Choiste agus ag a

bhfuil saineolas lena n-áirítear saineolas ar Chearta Daonna i ndáil le nithe den sórt sin.

Alt 170 ***Coinníollacha oifige chomhaltaí an Choiste.***

(1) Féadfaidh an tAire aon tráth, ar chúiseanna sonrath, comhaltas duine ar an gCoiste a fhoirceannadh.

(2) Féadfaidh comhalta den Choiste éirí as a chomhaltas nó a comhaltas den Choiste trí fhógra i scríbhinn a thabharfar don Aire, agus beidh éifeacht leis an éirí as an lá a fhaigheann an tAire an fógra.

(3) Faoi réir fhorálacha na Coda seo, beidh comhalta den Choiste i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

Alt 171 ***Folúntais i measc chomhaltaí an Choiste.***

Más rud é go bhfaigheann comhalta den Choiste bás, nó go n-éiríonn sé nó sí as nó go scoireann sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste chun an folúntas a tharlaíonn dá bharr sin a líonadh ar an modh céanna inar ceapadh an comhalta den Choiste ba chúis leis an bhfolúntas.

Alt 172 ***Cruinnithe agus nós imeachta***

(1) Comórfaidh an Coiste cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus chun a chlár oibre a bhaint amach agus féadfaidh sé cibé socruithe a dhéanamh is cuí leis maidir le seoladh a chuid cruinnithe agus gnó (lena n-áirítear fochoistí a bhunú agus córam a shocrú le haghaidh cruinnithe).

(2) Gníomhóidh an Coiste d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó a bheith ann i measc a chomhaltaí.

(3) Faoi réir fhorálacha na Coda seo, déanfaidh an Coiste a nós imeachta féin a rialáil le rialacha nó ar shlí eile.

(4) Ag cruinniú den Choiste—

(a) is é nó is í cathaoirleach an Choiste, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó

(b) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, cathaoirleach an Choiste i láthair nó má bhíonn an oifig sin folamh, roghnóidh na comhaltaí den Choiste a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(5) Féadfaidh comhalta den Choiste, seachas an cathaoirleach, nach féidir leis nó léi freastal ar chruinniú den Choiste comhalta ionaid a ainmniú chun freastal ar an gcruinniú ina ionad nó ina hionad.

Alt 173 **Clár Oibre an Choiste.**

(1) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme na Coda seo agus ina dhiaidh sin, uair amháin ar a laghad gach 2 bhliain, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste, clár oibre a chinneadh ar clár é a bheidh le gabháil de láimh ag an gCoiste thar an tréimhse shonraithe ina dhiaidh sin.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire, ó am go ham, an clár oibre a leasú, lena n-áirítear an tréimhse lena mbaineann an clár.

Alt 174 **An Coiste a mhaoiniú.**

Chun críocha caiteachas ag an gCoiste le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire, gach bliain airgeadais, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suim nó suimeanna a chinneadh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, a airleacan chun an Choiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Alt 175 **Tuarascáil ón gCoiste.**

(1) Déanfaidh an Coiste, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire, tuarascáil i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de gach tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a fhaightear an tuarascáil.

(2) Beidh tuarascáil faoi *fho-alt (1)* i cibé foirm a cheadóidh an tAire beidh faisnéis inti i cibé foirm agus maidir le cibé nithe a ordóidh an tAire ó am go ham.

(3) Déanfaidh an Coiste cibé faisnéis a éileoidh an tAire ó am go ham maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna a sholáthar don Aire.